# Glór

BUANÚ AGUS NEARTÚ NA GAEILGE SAN IARTHUAISCIRT




**Eagrán 007** **Iúil 2022**

Bhí lúcháir orainn tacú le Féile Sult i mbliana trí cuidiú le costas comharthaíocht agus t-léinte don fhoireann. Rinne sibh uilig job ar dóigh. Maith sibh!




## Tír gan teanga tír gan anam

**Ba mhaith linn tabhairt le fios go bhfuil roinnt acmhainní curtha le chéile againn a rachadh chun sochair do theaghlaigh agus do ranganna Gaeilge. Scaipigí an scéal le bhur dtoil go bhfuil an tacaíocht ar fail uainne do fhoghlaimeoirí. Bí i dteagmháil linn sa Chrannóg nó buail isteach. Fáilte romhaibh**

Thug muid tacaíocht d’Ionad Pobail Chnoc Fola agus do Coiste Forbartha Loch an Iúir leis na múrlainn galánta a mhaoiniú. Ba mhaith linn buíochas mór a ghabháil leis na healaíontóirí álainn Maria Gasol agus Fran O’ Boyle as ucht a gcuid oibre. Jab ar dóigh déanta aici agus tá muid iontach sásta leis!






D'oscail Cathaoirleach Bord Údarás na Gaeltachta Anna Ní Ghallchóir oifigiú úra Mhuintearas Thír Chonaill i bPáirc Gnó Ghaoth Dobhair díreach trasna ó Staisiún na nGardaí. Tá Ionad Óige lonnaithe anseo chomh maith. Tá Noel Mac Suibhne ag obair mar stiúrthóir ar an Ionad Óige a bhíonn foscáilte ceithre lá sa tseachtain.

Dé Luain 4.00 i.n go dtí 9.00 i.n

Dé Céadaoine 5.00 i.n go dtí 10.00 i.n

Dé hAoine 5.00 i.n go dtí 10.00 i.n

Dé Sathairn 3:00 i.n go dtí 8;00 i.n

Má tá suim agat obair dheonach a dhéanamh ag cuidiú le Noel, faigh i dteagmháil leis an oifig @ 0749532578.



Chuir Ionad Naomh Pádraig Dobhair fáilte roimh Úcránaigh atá ina chónaí sa cheantar ansin le gairid. Bhí greim bídh tráidisiúnta na hÉireann agus na hÚcráine le blaiseadh ar an lá. Thug muid cuireadh do mhuintir na háite le buaileadh isteach chugainn agus le bheith linn ar an lá más rud é go raibh suim acu. Ar scáth a chéile!




Meitheal Pleanála Teanga an Iarthuaiscirt ag tacú le gnólachtaí an cheantair. Biachlár Birdies aistrithe go Gaeilge!



# Cur aithne ar Cathal



**Ainm**: Cathal de Búrca

**Aois**: Scoláire i bPSGD

**Caitheamh aimseartha:** Xbox leis na leaids agus peil

**Bia:** Pepperoni Pizza mór i ndiaidh an Dodge

**Deoch:** Monster Bán

**Scannán:** Bohemenian Rhapsody

**Clár Teilifíse:** Narcos

**Leabhar:** Ní léighim!

**Ainmhí:** Madadh

**Scór is fearr mar imreoir:** An chéad cúl i gCraobh an Chontae 2019

**Marcálaí is deacra:** Darragh Ó Fearraigh nuair nach bhfuil sé gortaithe!

**Gréasán sóisialta:** Tik Tok

**Meáin shóisialta:** cathaldeburke

**Laoch:** Tom Beag Mac Giolla Easbuic

**Oíche amuigh:** Sean Ógs/ Teach Mhicí

**Cuireadh chuig cóisir:** OJ Friel, Peter Doogan agus Martin Friel

**Laethanta saoire:** Dubai

**Seanfhocal:** Aithníonn ciaróg ciaróg eile!

**Mana saoil:** Glac go réidh é




**Irish Language Classes**

If you would like to brush up on your Irish or are a complete learner, the following centres in your area will have up to date information on classes catering for all abilities and ages.

An Crannóg , Derrybeg (0749532208) Muintearas (0749532578) & Acadamh (091494657) Páirc Gnó. Ionad Naomh Pádraig, Dore. (0749562222) Teach Niall Ó Domhnaill, Lochanure (0863899345)

Any other information or advice, contact The Language Planning Office at 0749560620

Keep up to date with these centres on Facebook

Meitheal Pleánála Teanga an Iarthuaiscirt,
An Crannóg,
Srath na Corcra,
Doirí Beaga,
Leitir Ceanainn,
Co. Dhún na nGall

Fón: 0749560620/ 0872491101
mpt.iarthuaiscirt@gmail.com
www.mptiarthuaiscirt.ie

**Labhair í agus mairfidh sí!**